# Píopa Ainde Mhóir

(Aindí Ó Ceallaigh a chum.)

Agus bhí mé oíche shaoire i dTír a’ Fhia is mé ag tíocht ó cheol,
Chruinnigh an ceo i mo thimpeall ’s níor léir dom aon tsórt,
’Gus thabharfainn lán an Bhíobla gur tornóg a bhí ar an gcaolach
Leis an deatach a bhí os mo chionnsa ag píopa Ainde Mhóir!

’Gus mo bheannachtsa le gaoithe agat síos, a Ainde Mhóir,
Do mhac go dtige in inmhe ’gus lao go raibh ag do bhó,
Mar is tusa rinne an píopa ba fairsinge sa tír seo
Is ní chaithfear ráithe an gheimhridh nó go ndéanfaidh mé dhó spórt!

Agus siúd í an bhean a líon é is ní le tuí é ná le dróib
Chuir sí naoi bpunt síos ann ’gus píosa den duilleog,
Cailleachaí na tíre ’gus chruinnidís ’na timpeall
Is d’fhág siad ar fad fuílleach de phíopa Ainde Mhóir!

Is ag dul go hInis Ní dhom le lucht caorach agus bó
Maidin gharbh gheimhridh ’s é gaofarach go leor,
Ag goil trí Thonn Uí Loinge dhom sea thosaigh an bád ag líonadh
Is ba mhaith an galún taosctha a rinne píopa Ainde Mhóir!

Agus bhí mé amuigh ar aonach i gCill Bhríde is mé ag ól,
Bhí comhluadar maith ’mo thimpeall ’gus riar maith ceoil,
Bhí beirt isteach as Maínis ann is an stil mhór acu líonta
’Séard a d’fhiafraigh an tseanbhean chríonna “Ab é sin píopa Ainde Mhóir?”

*Maidhc Jimmy Ó Curraoin a rinne an cheardlann seo.*

Le tacaíocht ó

the arts council / an chomhairle ealaíon — ciste na healaíona traidisiúnta — artscouncil.ie

An Góilín